Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**14737/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0349(NLE)**

**COEST 824**
**POLCOM 169**
**AGRI 631**
**VETER 81**
**PHYTOSAN 54**
**DENLEG 81**
**COMPET 893**
**RELEX 1523**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DRÉACHTCHINNEADH ÓN bhFOCHOISTE SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEOIRSIA lena modhnaítear Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh …/2022 ÓN bhFOCHOISTE SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEOIRSIA**

**an …**

**lena modhnaítear Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais**

AN FOCHOISTE SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEOIRSIA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 55 agus 65 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) De bhun Airteagal 55(1) den Chomhaontú, déanfaidh an tSeoirsia a bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, leasa ainmhithe agus bearta reachtacha eile an Aontais mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a chomhfhogasú de réir a chéile.

(3) Le hAirteagal 65 den Chomhaontú, bunaíoadh an Fochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('an Fochoiste SPS' lena mbreithnítear aon ábhar a bhaineann le Caibidil 4 (bearta Sláintíochta agus fíteashláintíochta) de Theideal IV (Trádáil agus Nithe a bhaineann le Trádáil) den Chomhaontú, lena n-áirítear a chur chun feidhme, agus tugtar de chumhacht dó Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a athbhreithniú agus a mhodhnú.

(4) Ó glacadh Cinneadh Uimh. 1/2017 ón bhFochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia[2], rinneadh roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a aisghairm agus cuireadh gníomhartha dlí nua de chuid an Aontais in ionad cuid de na gníomhartha dlí aisghairthe sin de chuid an Aontais, agus tá a n-éifeacht dhlíthiúil sin ídithe ag gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais. Ina theannta sin, measann na Páirtithe sa Chomhaontú nach bhfuil líon teoranta gníomhartha dlí de chuid an Aontais ábhartha maidir leis an tSeoirsia ós rud é nach bhfuil siad infheidhme ach maidir le Ballstáit an Aontais.

---

[1] IO AE L 261, 30.8.2014, lch. 4.

[2] Cinneadh Uimh. 1/2017 ón bhFochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia an 7 Márta 2017 lena modhnaítear Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais [2017/683] (IO AE L 98, 11.4.2017, lch. 22).

(5) Is gá, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun forás acquis an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn sin a léiriú agus chun í a ionadú. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse ar lena linn a bheidh an tSeoirsia chun a reachtaíocht a chomhfhogasú le gníomhartha dlí nua an Aontais. Dá réir sin, ba cheart spriocdhátaí nua do chomhfhogasú reachtaíocht na Seoirsia do ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a shonrú ann.

(6) Is iomchuí don Fhochoiste SPS cinneadh a dhéanamh Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú chun an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur san áireamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhodhnú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus cuirtear in ionad iad.

*Airteagal 2.*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Chun an Fhochoiste Sláintíochta agus Fíteashláintíochta idir an tAontas agus an tSeoirsia*
*An Cathaoirleach*
*Rúnaithe*

---

# IARSCRÍBHINN

MODHNÚ AR IARSCRÍBHINN XI-B A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHLACHAIS

Déantar leis seo Iarscríbhinn XI-B a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais a mhodhnú agus léifear mar a leanas í:

'IARSCRÍBHINN XI-B

LIOSTA DE REACHTAÍOCHT AN AONTAIS ATÁ LE COMHFHOGASÚ AG AN TSEOIRSIA

I gcomhréir le hAirteagal 55(1) den Chomhaontú seo, déanfaidh an tSeoirsia a reachtaíocht a chomhfhogasú don reachtaíocht Aontais seo a leanas laistigh de na tréimhsí ama a liostaítear thíos.

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| | Roinn 1 - Tréidliacht | |
| 1. | Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córas chun bó ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le lipéadú mairteola agus táirgí mairteola agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle. | 2015 |
| 2. | Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos na rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú | 2016 |
| 3. | Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002. | 2017 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 4. | Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin treoir sin. | 2017 |
| 5. | Treoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE ón gComhairle. | 2017 |
| 6. | Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | 2018 |
| 7. | Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le salmonella agus oibreáin zónóiseacha bhia-iompartha a rialú. | 2019 |
| 8. | Rialachán (CE) Uimh. 1177/2006 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2006 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le húsáid modhanna rialaithe sonracha faoi chuimsiú na gclár náisiúnta um rialú de salmonella in éanlaith chlóis. | 2019 |
| 9. | Treoir 2006/130/CE ón gCoimisiúnan 11 Nollaig 2006 cur chun feidhme Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le critéir a bhunú chun táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe le haghaidh bia-ainmhithe a dhíolmhú ón gceanglas maidir le hoideas tréidliachta. | 2019 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 10. | Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le ceanglais a leagan síos i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe. | 2019 |
| 11. | Rialachán (CE) Uimh. 141/2007 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2007 maidir le ceanglas formheasa i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh bunaíochtaí gnóthais beatha a mhonaraíonn nó a chuireann breiseáin bheatha den chatagóir coicideastat agus histeamonastat ar an margadh. | 2019 |
| 12. | Treoir 82/475/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1982 lena leagtar síos na catagóirí d'ábhair bheatha a fhéadfar a úsáid chun ábhair bheatha chumaisc a lipéadú do pheataí. | 2020 |
| 13. | Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/373/CEE ón gComhairle, 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún. | 2020 |
| 14. | Moladh 2011/25/AE ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 lena mbunaítear treoirlínte maidir le hidirdhealú idir ábhair bheatha, breiseáin bheatha, táirgí bithicídeacha agus táirgí íocshláinte tréidliachta. | 2020 |
| 15. | Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2013 maidir leis an gCatalóg d'ábhair bheatha. | 2020 |
| 16. | Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha. | 2021 |
| 17. | Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe. | 2021 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 18. | Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú. | 2021 |
| 19. | Rialachán (CE) Uimh. 2015/1375 an 10 Lúnasa 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil. | 2021 |
| 20. | Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta. | 2022 |
| 21. | Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint: | 2022 |
| 22. | Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint. | 2022 |
| 23. | Rialachán (CE) Uimh 1099/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009 maidir le ainmhithe a chosaint tráth an mharaithe. | 2022 |
| 24. | Treoir 2002/4/CE ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2002 maidir le clárú bunaíochtaí ina gcoimeádtar béaróga, a chumhdaítear le Treoir 1999/74/CE ón gComhairle. | 2022 |
| 25. | Treoir 2007/43/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun sicíní a choimeádtar chun críocha tairgeadh feola a chosaint. | 2022 |
| 26. | Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1997 maidir le critéir an Chomhphobail le haghaidh poist rialúcháin agus lena leasaítear an plean bealaigh dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 91/628/CEE. | 2022 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 27. | Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CE agus Treoir 93/119/AE agus Rialachán (CE) Uimh 1255/97. | 2022 |
| 28. | Treoir 1999/74/CE ón gComhairle an 19 Iúil 1999 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun béaróga a chosaint. | 2023 |
| 29. | Rialachán (AE) Uimh. 101/2013 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2013 maidir le húsáid aigéid lachtaigh chun éilliú dromchla micribhitheolaíoch ar bhó-chonablaigh a laghdú. | 2023 |
| 30. | Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle. | 2023 |
| 31. | Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe. | 2023 |
| 32. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/160 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena leagtar síos íosmhinicíochtaí aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla áirithe lena bhfíoraítear go bhfuil ceanglais an Aontais maidir le sláinte ainmhithe á gcomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1505/2006. | 2023 |
| 33. | Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach. | 2024 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 34. | Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE. | 2024 |
| 35. | Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/671 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ar ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus geirmeacha, gníomhaíocht leantach le déanamh ag an údarás inniúil i gcás neamhchomhlíonta na rialacha sainaitheanta agus clárúcháin le haghaidh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair nó i gcás neamhchomhlíonta bó-ainmhithe áirithe le linn a bheith ar idirthuras tríd an Aontas, agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 494/98. | 2024 |
| 36. | Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú. | 2025 |
| 37. | Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’). | 2025 |
| 38. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, chun coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a chur isteach san Aontas agus maidir le gluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir le deimhnithe den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE. | 2025 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 39. | Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/2035 an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus maidir le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe ar coimeád agus uibheacha goir. | 2026 |
| 40. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalar agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. | 2026 |
| 41. | Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha faireachais, clár díothaithe, agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe liostaithe agus do ghalair atá ag teacht chun cinn. | 2026 |
| 42 | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | 2027 |
| 43 | Treoir 90/428/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le trádáil in eachainmhithe atá beartaithe le haghaidh comórtais agus ag leagan síos na gcoinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta ann. | 2027 |
| 44. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008. | 2027 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 45. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2015 lena leagtar síos rialacha de bhun Threoir 90/427/CEE agus Threoir 2009/156/CE maidir leis na modhanna chun eachainmhithe a shainaithint. | 2027 |
| 46. | Rialachán (AE) 2020/354 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena mbunaítear liosta d'úsáidí beatha atá beartaithe chun críocha cothaitheacha áirithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/38/CE. | 2028 |
| 47. | Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ("An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe") | 2028 |
| | Roinn 2 – Sábháilteacht bia | |
| 48. | Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia. | 2015 |
| 49. | Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair. | 2015 |
| 50. | Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch. | 2015 |
| 51. | Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh bia-ábhair. | 2015 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 52. | Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2005 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir le táirgí áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú faoi Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004 agus (CE) Uimh. 854/2004. | 2015 |
| 53. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 931/2011 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2011 maidir le gceanglais inrianaitheachta a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le bia de de bhunadh ainmhíoch. | 2015 |
| 54. | Cinneadh 97/747/CE ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 1997 lena socraítear leibhéil agus minicíochtaí na samplála dá bhforáiltear i dTreoir 96/23/CE ón gComhairle chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar a n-iarmhair i dtáirgí áirithe ainmhithe. | 2015 |
| 55. | Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite- agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n- aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE. | 2015 |
| 56. | Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia. | 2015 |
| 57. | Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena leagtar amach uasleibhéil le haghaidh éilleán áirithe i bhia-ábhair. | 2015 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 58. | Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle. | 2016 |
| 59. | Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún. | 2016 |
| 60. | Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna. | 2016 |
| 61. | Rialachán (AE) Uimh. 1047/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 maidir le liosta na maímh cothaithe. | 2016 |
| 62. | Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/63 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2013 lena nglactar treoirlínte maidir le cur chun feidhme coinníollacha sonracha le haghaidh maímh sláinte a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | 2016 |
| 63. | Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia. | 2016 |
| 64. | Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur i mbianna. | 2016 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 65. | Rialachán (CE) Uimh. 1170/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na liostaí de vitimíní agus de mhianraí agus a bhfoirmeacha is féidir a chur le bianna, lena n-áirítear forlíontaí bia. | 2016 |
| 66. | Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n- aicmiú maidir le huasteorainneacha iarmhar i mbia-ábhair de bhunadh ainmhíoch. | 2016 |
| 67. | Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia-ábhair. | 2016 |
| 68. | Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil riandúile agus éilleán próiseála in earraí bia. | 2016 |
| 69. | Treoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann bia-ábhar. | 2017 |
| 70. | Cinneadh 92/608/CEE ón gComhairle an 14 Samhain 1992 lena leagtar síos modhanna chun anailís agus tástáil a dhéanamh ar bhainne teaschóireáilte lena chaitheamh ag an duine. | 2017 |
| 71 | Rialachán (CE) Uimh. 645/2000 ón gCoimisiún an 28 Márta 2000 lena leagtar amach na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme is gá maidir le feidhmiú cuí forálacha áirithe d'Airteagal 7 de Threoir 86/362/CEE ón gComhairle agus d'Airteagal 4 de Threoir 90/642/CEE ón gComhairle maidir leis na socruithe chun faireachán a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i ngránaigh agus i dtáirgí de bhunadh plandaí agus orthu, lena n - áirítear torthaí agus glasraí, faoi seach. | 2017 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 72. | Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) Uimh. 307/2012 an 11 Aibreán 2012 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia. | 2017 |
| 73. | Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún. | 2017 |
| 74. | Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus nithe a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 98/109/CEE. | 2018 |
| 75. | Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus le lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus maidir le hinrianaitheacht táirgí bia agus táirgí beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE. | 2018 |
| 76. | Moladh 2004/787/CE ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2004 maidir le treoir theicniúil chun orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus ábhar a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe a shampláil agus a bhrath mar tháirgí nó i dtáirgí i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003. | 2018 |
| 77. | Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe | 2018 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 78. | Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | 2019 |
| 79. | Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún | 2019 |
| 80. | Moladh 97/618/CE ón gCoimisiún an 29 Iúil 1997 maidir leis na gnéithe eolaíocha agus cur i láthair na faisnéise is gá chun tacú le hiarratais ar bhianna núíosacha agus ar chomhábhair núíosacha bia a chur ar an margadh agus chun tuarascálacha measúnaithe tosaigh a ullmhú faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | 2019 |
| 81. | Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2006 maidir le dea-chleachtas monaraíochta d'ábhair agus d'earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia. | 2019 |
| 82. | Rialachán (CE) Uimh. 641/2004 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2004 maidir le rialacha mionsonraithe i ndáil le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar údarú bia ghéinmhodhnaithe nua agus beatha ghéinmhodhnaithe nua, le fógra a thabhairt i leith táirgí atá ann cheana agus le hábhar géinmhodhnaithe a bheith ann go hóg nó go teicniúil, ar ábhar é a chuaigh chun tairbhe do mheastóireacht fhabhrach riosca. | 2019 |
| 83. | Moladh 2013/165 ón gCoimisiún an 27 Márta 2013 maidir le tocsain T-2 agus HT-2 a bheith i láthair i ngránaigh agus i dtáirgí gránach. | 2019 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 84. | Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97. | 2020 |
| 85. | Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE. | 2020 |
| 86. | Rialachán (AE) Uimh. 873/2012 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta idirthréimhseacha a bhaineann le liosta an Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008. | 2020 |
| 87. | Treoir 78/142/CEE ón gComhairle an 30 Eanáir 1978 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hábhair agus le hearraí ina bhfuil monaiméir de chlóiríd vinile agus atá ceaptha teacht i dteagmháil le bia-ábhair. | 2020 |
| 88. | Treoir 92/2/CEE ón gCoimisiún an 13 Eanáir 1992 lena leagtar síos an nós imeachta samplála agus modh anailíse an Chomhphobail chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar theochtaí bianna mear-reoite atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine. | 2020 |
| 89. | Treoir 89/108/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia-ábhar mear-reoite mar bhia don duine. | 2020 |

| | Reachtaíocht an Aontais | Spriocdháta don chomhfhogasú |
|---|---|---|
| 90. | Rialachán (CE) Uimh. 37/2005 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2005 maidir le monatóireacht a dhéanamh ar theochtaí i modhanna iompair, trádstórála agus stórála bia-ábhair mear-reoite a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine. | 2020 |
| 91. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 872/2012 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2012 lena nglactar an liosta de shubstaintí blaistithe dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena dtugtar isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle é agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1565/2000 ón gCoimisiún agus Cinneadh 1999/217/CE ón gCoimisiún. | 2021 |
| 92. | Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna. | 2021 |
| 93. | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1321/2013 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2013 lena mbunaítear liosta an Aontais de tháirgí príomhúla um blastán deataigh údaraithe atá le húsáid mar tháirgí den sórt sin i mbianna nó ar bhianna agus/nó chun blastáin deataigh díorthaithe a tháirgeadh. | 2021 |
| 94. | Treoir 93/11/CEE ón gCoimisiún an 15 Márta 1993 maidir le scaoileadh N-nítreasaimíní agus substaintí N-In-nítreasáithithe as siní leaistiméire nó rubaire agus gobáin. | 2021 |
